**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Fhorbairt*

**2022/0142M(NLE)**

14.10.2022

# TUAIRIM

ón gCoiste um Fhorbairt

chuig an gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

maidir le tairiscint i gcomhair rún neamhreachtach ar an dréachtchinneadh ón gComhairle i dtaca le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Deonaí idir an tAontas Eorpach agus Comharphoblacht na Guáine i ndáil le forfheidhmiú an dlí maidir le foraoisí, rialachas agus trádáil táirgí adhmaid chuig an Aontas Eorpach
(2022/0142M(NLE))

Rapóirtéir don tuairim: Michèle Rivasi

PA_NonLeg

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Fhorbairt ar an gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. ag tacú go láidir le tabhairt i gcrích na caibidlíochta maidir leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Deonaí (VPA) maidir le forfheidhmiú an dlí, rialachas agus trádáil i dtaca le foraoisí (FLEGT) idir an tAontas agus an Ghuáin, rud a chuirfidh feabhas ar bhainistiú agus rialachas inbhuanaithe foraoisí, a laghdóidh an lománaíocht neamhdhleathach agus a rannchuideoidh leis an athrú aeráide a chomhrac, a chosnóidh an bhithéagsúlacht agus a ghnóthóidh na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna); á mheabhrú go bhfuil freagracht ar an Aontas as cosaint, athbhunú agus athléimneacht fhoraoisí an domhain, atá bunriachtanach do raon leathan seirbhísí éiceachórais, ach a bhfuil tionchar mór ag an athrú aeráide agus ag gníomhaíocht an duine orthu; á thabhairt chun suntais go bhfuil VPAnna mar chuid d'iarrachtaí an Aontais na spriocanna a leagtar síos i gComhaontú Pháras agus i gClár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe a bhaint amach tríd an gcomhar idirnáisiúnta idir tíortha táirgthe agus tíortha allmhairíochta a neartú tuilleadh; á chur i bhfáth, i ndáil leis an méid sin, gur cheart VPAnna le comhpháirtithe nua a chur chun cinn;

2. ag aithint ról fhoraoisí na Guáine, a dhéanann suas 2 % den olltáirgeacht intíre agus 6 % de phoist nua ar fáil, sa gheilleagar agus i gcruthú post agus, dá bhrí sin, san fhás eacnamaíoch agus san fhorbairt eacnamaíoch; á thabhairt chun suntais gur cheart aird chuí a thabhairt ar ghnéithe comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha ar bhealach cothrom agus comhtháite agus gur cheart bainistiú fónta a bheith ag gabháil leo i gcónaí; ag tabhairt dá haire go bhfuil an méid adhmaid a thrádáiltear idir an tAontas agus an Ghuáin beag, arb ionann é agus 8 % d'onnmhairí adhmaid na Guáine; ag tabhairt dá haire, dá réir sin, nach amháin go gcuirfidh VPA le trédhearcacht níos fearr sa trádáil adhmaid, ach go bhféadfadh sé deiseanna níos mó a thabhairt don Ghuáin an acmhainn nádúrtha sin a onnmhairiú chuig an Aontas agus chuig margaí nua;

3. á chur i bhfáth go gcuireann drochrialachas agus éilliú san earnáil foraoise dlús le lománaíocht neamhdhleathach agus le díghrádú foraoise; ag aithint thiomantas na Guáine do bhainistiú fónta foraoisí agus thoil pholaitiúil na Guáine don bhainistiú sin; á chur i bhfáth gur gá dlús a chur leis na hiarrachtaí chun an t-éilliú a chomhrac, seasamh leis an smacht reachta agus bailiú sonraí a threisiú chun feabhas a chur ar chur chun feidhme an chórais inrianaitheachta; ag tathant ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, cúnamh a thabhairt don rialtas agus do na húdaráis sa Ghuáin le linn an phróisis maidir le ceadúnais FLEGT a eisiúint agus an tacaíocht theicniúil is gá a chur ar fáil chun cur chun feidhme iomlán agus cur i bhfeidhm ceart Chóras na Guáine um Dhearbhú Dlíthiúlachta Adhmaid a áirithiú; á mheabhrú, i ndáil leis sin, gur cuid lárnach de chomhaontú fónta agus éifeachtach iad socruithe faireacháin, leantacha agus measúnaithe;

4. á chur i bhfáth go bhfuil rath an rialachais, na trádála agus fhorfheidhmiú an dlí san fhoraoiseacht ag brath freisin ar éilliú agus calaois de gach cineál a chomhrac ar fud shlabhra an tsoláthair adhmaid, agus dá bhrí sin á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí na Guáine chun trédhearcacht níos fearr a bhaint amach agus ag tnúth le comhar dearfach

leanúnach sa chomhrac i gcoinne na lománaíochta neamhdhleathaí agus an díghrádaithe foraoise;

5. ag meabhrú go bhfuil bainistiú agus rialachas inbhuanaithe agus cuimsitheach foraoisí bunriachtanach chun na cuspóirí a leagtar amach i gClár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus i gComhaontú Pháras a bhaint amach, go háirithe trí rannchuidithe arna gcinneadh go náisiúnta; á mheabhrú a mhéid a chuireann an mhianadóireacht le dífhoraoisiú trópaiceach, as a n-eascraíonn creimeadh agus éilliú suntasach ithreach, ilroinnt mhéadaithe foraoisí agus truailliú mearcair aibhneacha agus sruthanna; ag tabhairt dá haire go bhfuil an Ghuáin ag leathnú a tionscail ola, gáis agus mianadóireachta; á iarraidh ar rialtas na Guáine céimeanna breise a ghlacadh chun srian a chur le mianadóireacht neamhdhleathach; á chur in iúl gur ábhar imní di an easpa comhleanúnachais idir rialáil in earnáil na foraoiseachta agus rialáil in earnáil na mianadóireachta; á chur in iúl gur geal léi comhaontuithe eile arb é is aidhm dóibh FLEGT-VPA maidir le cúrsaí comhshaoil a chomhlánú;

6. á áitiú go ndéanfar prionsabail an tsaorthoilithe fheasaigh roimh ré (FPIC) ó phobail dhúchasacha agus ó phobail áitiúla a chur chun feidhme ina n-iomláine, go háirithe i gcomhthéacs na mianadóireachta; á mheabhrú nach mór FPIC a fháil mar choinníoll chun gnáththalamh foraoise a cheannach nó a úsáid, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, go háirithe Coinbhinsiún Uimh. 169 na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Pobail Dhúchasacha agus Threibheacha agus na caighdeáin a leagtar amach i dTreoirlínte Deonacha na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta (EBT) maidir le Rialachas Freagrach ar Thionacht Talún, Iascaigh agus Foraoisí;

7. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé comhpháirtíochtaí agus sásraí comhair a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt go comhpháirteach ar rialachas foraoisí i ngach gné, lena n-áirítear chun faisnéis a chomhroinnt;

8. á chur in iúl gur geal léi rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí sa phróiseas caibidlíochta; á chur i bhfios go láidir gur gá rannpháirtíocht éifeachtach agus leormhaith na ngeallsealbhóirí ábhartha uile a áirithiú, lena n-áirítear an earnáil phríobháideach agus an tsochaí shibhialta, agus go háirithe mná, daoine óga, grúpaí imeallaithe agus pobail áitiúla agus dhúchasacha, le linn chur chun feidhme agus fhaireachán FLEGT-VPA;

9. á chur i bhfáth go mbraitheann rath iomlán thionscnamh FLEGT, i measc nithe eile, ar chosaint éifeachtach don talamh agus ar aitheantas iomlán do ghnáthchearta na bpobal áitiúil agus na ndaoine dúchasacha a ráthú, go háirithe pobail Mheir-Indiacha, lena n-áirítear an ceart chun a dtoiliú a thabhairt nó a choinneáil siar maidir le haon lamháltas a bhaineann le hadhmad ar a dtalamh mar ábhar ceartais shóisialta, ar chosantóirí chearta an duine agus ar sceithirí comhshaoil a chosaint, agus feabhas a chur ar chumas fiontar beag agus meánmhéide (FBManna) a gcuid gníomhaíochtaí a dhéanamh go dlíthiúil; á chur i bhfáth gur cheart don Aontas tógáil ar an eolas traidisiúnta atá ag daoine dúchasacha agus ag pobail áitiúla eile maidir le bainistiú inbhuanaithe foraoisí; á mheabhrú, ina leith sin, a thábhachtaí atá sé aon ualach breise riaracháin ar FBManna a chosc agus cúnamh dlíthiúil a chur ar fáil do na cuideachtaí sin chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh siad comhaontuithe, ionstraimí agus doiciméid idirnáisiúnta nua maidir leis an gcomhshaol;

10. ag athdhearbhú a hiarrata ar an Aontas prionsabal an chomhtháthaithe beartas ar mhaithe le forbairt a chomhlíonadh agus comhsheasmhacht a áirithiú idir a bheartais forbartha, trádála, talmhaíochta, fuinnimh agus aeráide;

11. á iarraidh ar an gCoimisiún an cistiúchán a leithdháiltear don chomhpháirtíocht foraoise leis an nGuáin a mhéadú chun tacú le cur chun feidhme VPA mar chuid den phróiseas athbhreithnithe don chlár táscach ilbhliantúil don Ghuáin (2025-2027).

# FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 13.10.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 15<br>–: 0<br>0: 6 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Eric Andrieu, Hildegard Bentele, Catherine Chabaud, Lefteris Christoforou, Antoni Comín i Oliveres, Mónica Silvana González, Pierrette Herzberger-Fofana, György Hölvényi, Rasa Juknevičienė, Beata Kempa, Karsten Lucke, Pierfrancesco Majorino, Erik Marquardt, Tomas Tobé, Miguel Urbán Crespo |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Ilan De Basso, Caroline Roose |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | France Jamet, Pierre Karleskind, Ljudmila Novak, Christine Schneider |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 15 | + |
|---|---|
| ECR | Beata Kempa |
| ID | France Jamet |
| NI | Antoni Comín i Oliveres |
| PPE | Hildegard Bentele |
| RENEW | Catherine Chabaud, Pierre Karleskind |
| S&D | Eric Andrieu, Ilan De Basso, Mónica Silvana González, Karsten Lucke, Pierfrancesco Majorino |
| THE LEFT | Miguel Urbán Crespo |
| VERTS/ALE | Pierrette Herzberger-Fofana, Erik Marquardt, Caroline Roose |

| 0 | - |
|---|---|

| 6 | 0 |
|---|---|
| PPE | Lefteris Christoforou, György Hölvényi, Rasa Juknevičienė; Ljudmila Novak, Christine Schneider, Tomas Tobé |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh: